AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.5.2025
COM(2025) 504 final

ANNEXES 1 to 5

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh
RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 765/2008, (AE) 2016/424, (AE) 2016/425, (AE) 2016/426, (AE) 2023/1230, (AE) 2023/1542 agus (AE) 2024/1781 a mhéid a bhaineann le digitiú agus sonraíochtaí coiteanna

{SWD(2025) 130 final}

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinní III go IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/424 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) i bpointe 3, cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, a ainm, a sheoladh poist agus a shonraí teagmhála digiteacha freisin;’;

(b) i bpointe 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4.2. agus phointe 4.3:

‘4.2. an t-eiseamal/na heiseamail a monaraíodh i gcomhréir leis na doiciméid theicniúla a fhíorú, agus na heilimintí a dearadh i gcomhréir leis na forálacha sin de chuid na gcaighdeán comhchuibhithe nó na sonraíochtaí coiteanna is infheidhme a shainaithint, chomh maith leis na heilimintí a dearadh i gcomhréir le sonraíochtaí teicniúla eile;

4.3 scrúduithe agus tástálacha iomchuí a dhéanamh, nó a áirithiú go ndéanfar iad, chun a sheiceáil – i gcásanna inar roghnaigh an monaróir na réitigh atá sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó sna sonraíochtaí coiteanna a chur i bhfeidhm – ar cuireadh i bhfeidhm i gceart iad;’;

(c) i bpointe 6, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Beidh sa deimhniú ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra, conclúidí an scrúdaithe, aon choinníoll maidir lena bhailíocht, na sonraí is gá chun an cineál ceadaithe a shainaithint (fochóras nó comhpháirt sábháilteachta) agus más ábhartha, tuairisc ar a fheidhmiú.’;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) i bpointe 3.1., cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, a ainm, a sheoladh poist agus a shonraí teagmhála digiteacha freisin;’;

(b) i bpointe 3.3., an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Glacfaidh sé leis go gcomhlíontar na ceanglais sin maidir leis na heilimintí den chóras cáilíochta a chomhlíonann sonraíochtaí comhfhreagracha an chaighdeáin chomhchuibhithe nó na sonraíochtaí coiteanna iomchuí.’;

(3) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i bpointe 3.1., cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, a ainm, a sheoladh poist agus a shonraí teagmhála digiteacha freisin;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4.1 :

‘4.1. Déanfar scrúdú aonair ar gach fochóras nó comhpháirt sábháilteachta agus déanfar tástálacha iomchuí mar a leagtar amach sa chaighdeán comhchuibhithe/sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, agus/nó sa tsonraíocht choiteann/sna sonraíochtaí coiteanna agus/nó tástálacha coibhéiseacha a leagtar amach i sonraíochtaí ábhartha teicniúla eile, chun comhréireacht a fhíorú leis an gcineál ceadaithe a thugtar tuairisc air sa deimhniú ar chineálscrúdú AE agus le ceanglais iomchuí an Rialacháin seo.

In éagmais caighdeán chomhchuibhithe nó sonraíocht choiteann den sórt sin, cinnfidh an comhlacht faoina dtugtar fógra lena mbaineann na tástálacha iomchuí a bheidh le cur i gcrích.

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5.2 :

‘5.2. Tógfar sampla randamach ó gach baisc. Déanfar scrúdú aonair ar na fochórais nó ar na comhpháirteanna sábháilteachta uile sa sampla agus déanfar tástálacha iomchuí orthu mar a leagtar amach sa chaighdeán comhchuibhithe/sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha agus/nó sa tsonraíocht choiteann/sna sonraíochtaí coiteanna agus/nó tástálacha coibhéiseacha mar a leagtar amach i sonraíochtaí ábhartha teicniúla eile, chun a gcomhréireacht a fhíorú leis an gcineál ceadaithe a thugtar tuairisc air sa deimhniú ar chineálscrúdú AE agus le ceanglais iomchuí an Rialacháin seo agus chun a chinneadh an nglacfar leis an mbaisc nó an ndiúltófar di. In éagmais caighdeán comhchuibhithe, nó sonraíocht choiteann den sórt sin, cinnfidh an comhlacht faoina dtugtar fógra lena mbaineann na tástálacha iomchuí a bheidh le cur i gcrích.’;

(4) Leasaítear Iarscríbhinn VI mar a leanas:

(a) i bpointe 3.1., cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, a ainm, a sheoladh poist agus a shonraí teagmhála digiteacha freisin;’;

(b) i bpointe 3.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

‘Déanfaidh an comhlacht faoina dtugtar fógra scrúdú ar an doiciméadacht theicniúil le haghaidh an fhochórais nó na comhpháirte sábháilteachta agus déanfaidh sé na scrúduithe agus tástálacha iomchuí a leagtar amach sna caighdeáin chomhchuibhithe agus/nó sna sonraíochtaí coiteanna agus/nó sna tástálacha coibhéiseacha a leagtar amach i sonraíochtaí ábhartha teicniúla eile, lena áirithiú go mbeidh an fochóras nó an chomhpháirt sábháilteachta i gcomhréir le ceanglais infheidhme an Rialacháin seo, nó socróidh sé go ndéanfar na scrúduithe agus na tástálacha sin. In éagmais caighdeán comhchuibhithe nó sonraíocht choiteann den sórt sin, cinnfidh an comhlacht faoina dtugtar fógra lena mbaineann na tástálacha iomchuí a bheidh le cur i gcrích.’;

(5) Leasaítear Iarscríbhinn VII mar a leanas:

(a) i bpointe 3.1., cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, a ainm, a sheoladh poist agus a shonraí teagmhála digiteacha freisin;’;

(b) i bpointe 3.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) na sonraíochtaí maidir leis an dearadh teicniúil, lena n-áirítear na caighdeáin, a chuirfear i bhfeidhm agus, i gcás nach gcuirfear na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó na sonraíochtaí coiteanna i bhfeidhm go hiomlán, an modh, lena n-áirítear sonraíochtaí ábhartha teicniúla eile, a úsáidfear lena áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais fhíor-riachtanacha an Rialacháin seo;’;

(c) i bpointe 3.3., an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Glacfaidh sé leis go gcomhlíontar na ceanglais sin maidir leis na heilimintí den chóras cáilíochta a chomhlíonann sonraíochtaí comhfhreagracha an chaighdeáin chomhchuibhithe nó na sonraíochtaí coiteanna iomchuí.’;

(d) i bpointe 3.6(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra;’;

(e) i bpointe 3.6.3, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Ar an deimhniú sin beidh ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra, conclúidí an scrúdaithe, na coinníollacha (más ann dóibh) a ghabhann lena bhailíocht agus na sonraí is gá chun an dearadh a ceadaíodh a shainaithint.’;

(6) in Iarscríbhinn VIII, pointe 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) liosta de na caighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 17, a cuireadh i bhfeidhm go hiomlán nó i bpáirt, agus ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó liosta de shonraíochtaí coiteanna, arna gcur i bhfeidhm go hiomlán nó i bpáirt, agus i gcás nár cuireadh i bhfeidhm na caighdeáin chomhchuibhithe nó na sonraíochtaí coiteanna sin tuairisc ar na réitigh a rinneadh chun ceanglais fhíor-riachtanacha an Rialacháin seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear liosta de na sonraíochtaí ábhartha teicniúla eile a cuireadh i bhfeidhm. I gcás caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí coiteanna a bheith i bhfeidhm i bpáirt, sonrófar sna doiciméid theicniúla na codanna sin díobh a cuireadh i bhfeidhm,’;

(7) Leasaítear Iarscríbhinn IX mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe 2:

‘2. Ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, i gcás inarb infheidhme, ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha a ionadaí údaraithe:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6 :

‘6. Tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó do na sonraíochtaí coiteanna atá in úsáid nó tagairtí do na sonraíochtaí teicniúla eile a ndearbhaítear comhréireacht maidir leo:’.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinní II, III, V, VII, VIII, agus IX a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/425 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn IV, leasaítear pointe 1.4 mar a leanas:

(a) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Chomh maith le hainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra, ní mór an fhaisnéis ábhartha uile i ndáil leis an méid seo a leanas bheith ag gabháil leis na treoracha nach mór a sholáthar leis an TCP:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (k) agus (l):

‘(k) tagairtí don chaighdeán comhchuibhithe/do na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó don tsonraíocht choiteann/ do na sonraíochtaí coiteanna a úsáideadh, lena n-áirítear an dáta atá leis an gcaighdeán/ leis na caighdeáin, nó tagairtí do na sonraíochtaí teicniúla eile a úsáideadh;

(l) an seoladh idirlín nó an cód meaisín-inléite trínar féidir rochtain a fháil ar an dearbhú comhréireachta AE.’;

(2) in Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (f) agus (g):

‘(f) na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 14 nó na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 14a a cuireadh i bhfeidhm maidir le dearadh agus monarú an TCP. Más rud é nár cuireadh caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí coiteanna i bhfeidhm go hiomlán, sonróidh an doiciméadacht na codanna a cuireadh i bhfeidhm;

(g) i gcás nár cuireadh caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí coiteanna i bhfeidhm nó nár cuireadh i bhfeidhm go hiomlán iad, sonrófar na sonraíochtaí teicniúla eile a cuireadh i bhfeidhm chun na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta is infheidhme a chomhlíonadh;’;

(3) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i bpointe 3., cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, a ainm, a sheoladh poist agus a shonraí teagmhála digiteacha freisin;’;

(b) i bpointe 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (d) go (f):

‘(d) an t-eiseamal/na heiseamail a monaraíodh i gcomhréir leis na doiciméid theicniúla a fhíorú, agus na heilimintí a dearadh i gcomhréir leis na forálacha sin de chuid na gcaighdeán comhchuibhithe nó na sonraíochtaí coiteanna is infheidhme a shainaithint, chomh maith leis na heilimintí a dearadh i gcomhréir le sonraíochtaí teicniúla eile;

(e) scrúduithe agus tástálacha iomchuí a dhéanamh, nó a áirithiú go ndéanfar iad, chun a sheiceáil – i gcásanna inar roghnaigh an monaróir na réitigh atá sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó sna sonraíochtaí teicniúla a chur i bhfeidhm – ar cuireadh i bhfeidhm i gceart iad;

(f) scrúduithe agus tástálacha iomchuí a dhéanamh, nó a áirithiú go ndéanfar iad, lena fháil amach, i gcás nach bhfuil na caighdeáin chomhchuibhithe nó na sonraíochtaí coiteanna curtha i bhfeidhm, an gcomhlíonann na réitigh atá roghnaithe ag an monaróir, lena n-áirítear iad sin i sonraíochtaí teicniúla feidhmeacha eile a cuireadh i bhfeidhm, na ceanglais fíor-riachtanacha

chomhfhreagracha sláinte agus sábháilteachta agus lena fháil amach an bhfuil siad curtha i bhfeidhm i gceart.';

(c) leasaítear pointe 6.2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an ionadaí údaraithe;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

'(e) i gcás inar cuireadh caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí coiteanna i bhfeidhm go hiomlán nó go páirteach, tagairtí do na caighdeán nó na sonraíochtaí sin nó do chodanna díobh;';

(d) leasaítear pointe 7.6 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) a ainm, a sheoladh poist agus a shonraí teagmhála digiteacha agus sonraí lena sainaithnítear an deimhniú ar chineálscrúdú AE lena mbaineann;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) dearbhú nach ndearnadh aon mhodhnú ar an gcineál ceadaithe amhail dá dtagraítear i bpointe 7.2, lena n-áirítear ábhair, fo-chomhpháirteanna nó fochóimeálacha, ná ar na caighdeáin ábhartha chomhchuibhithe ná sonraíochtaí coiteanna ná ar na sonraíochtaí teicniúla eile a cuireadh i bhfeidhm;';

(4) Leasaítear Iarscríbhinn VII mar a leanas:

(a) i bpointe 3., cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

'(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, a ainm, a sheoladh poist agus a shonraí teagmhála digiteacha;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4.3 :

'4.3. Roghnóidh an comhlacht faoina dtugtar fógra sampla leordhóthanach staidrimh den TCP monaraithe ag áit arna comhaontú idir an comhlacht agus an monaróir. Scrúdófar gach mír de TCP atá sa sampla agus déanfar na tástálacha iomchuí, a leagtar amach sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha agus/nó sa tsonraíocht choiteann/sna sonraíochtaí coiteanna agus/nó na tástálacha coibhéiseacha a leagtar amach i sonraíochtaí teicniúla eile, chun comhréireacht an TCP a fhíorú leis an gcineál a dtugtar tuairisc air sa deimhniú ar chineálscrúdú AE agus leis na ceanglais fhíor-riachtanacha sláinte agus sábháilteachta is infheidhme.';

(5) Leasaítear Iarscríbhinn VIII mar a leanas:

(a) i bpointe 3.1., cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

'(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, a ainm, a sheoladh poist agus a shonraí teagmhála digiteacha freisin;';

(b) i bpointe 3.3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Glacfaidh sé leis go gcomhlíontar na ceanglais sin maidir leis na heilimintí den chóras cáilíochta a chomhlíonann sonraíochtaí comhfhreagracha an chaighdeáin chomhchuibhithe nó na sonraíochtaí coiteanna iomchuí.’;

(6) Leasaítear Iarscríbhinn IX mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe 2:

‘2. Ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, i gcás inarb infheidhme, ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha a ionadaí údaraithe:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 6 :

‘6. Tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó sonraíochtaí coiteanna a úsáideadh, dáta an chaighdeáin san áireamh, nó tagairtí do na sonraíochtaí teicniúla eile, dáta na sonraíochta san áireamh, ar maidir leo a ndearbhaítear comhréireacht’.

IARSCRÍBHINN III

Leasaítear Iarscríbhinní III, agus V a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/426 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) leasaítear pointe 1.3.1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, a ainm, a sheoladh poist agus a shonraí teagmhála digiteacha freisin;’;

(ii) i bpointe (c), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (4):

‘(4) liosta de na caighdeáin chomhchuibhithe sin a cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine nó i bpáirt, ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó liosta de shonraíochtaí coiteanna, arna gcur i bhfeidhm go hiomlán nó i bpáirt, agus – i gcás nár cuireadh na caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí coiteanna i bhfeidhm – tuairiscí ar na réitigh a glacadh chun ceanglais fhíor-riachtanacha an Rialacháin a shásamh, lena n-áirítear liosta de shonraíochtaí teicniúla eile a cuireadh i bhfeidhm. I gcás caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí coiteanna a bheith i bhfeidhm i bpáirt, sonrófar sna doiciméid theicniúla na codanna sin díobh a cuireadh i bhfeidhm,’;

(iii) i bpointe (e), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘(e) Luafar san fhianaise thacaíochta sin na doiciméid a úsáideadh, go háirithe i gcás nár cuireadh i bhfeidhm go hiomlán na caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí coiteanna ábhartha.’;

(b) i bpointe 1.4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.4.3. agus phointe 1.4.4.:

‘1.4.3 scrúduithe agus tástálacha iomchuí a dhéanamh, nó a áirithiú go ndéanfar iad, chun a sheiceáil – i gcásanna inar roghnaigh an monaróir na réitigh atá sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó sna sonraíochtaí teicniúla a chur i bhfeidhm – ar cuireadh i bhfeidhm i gceart iad;

1.4.4. scrúduithe agus tástálacha iomchuí a dhéanamh, nó a áirithiú go ndéanfar iad, lena sheiceáil cibé acu ar chomhlíon nó nár chomhlíon na réitigh a ghlac an monaróir lena gcuirtear sonraíochtaí teicniúla eile i bhfeidhm ceanglais fhíor-riachtanacha chomhfhreagracha an Rialacháin seo i gcás nár cuireadh na réitigh sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha ná sonraíochtaí coiteanna bhfeidhm;’;

(c) i bpointe 1.6., an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Áireofar sa deimhniú ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra, conclúidí an scrúdaithe, coinníollacha (más ann) maidir lena bhailíocht, na sonraí is gá chun an cineál ceadaithe a shainaithint, amhail an cineál gáis, catagóir fearas agus brú soláthair gáis, agus, más ábhartha, tuairiscí ar a fheidhmiú.’;

(d) I bpointe 2.3, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

‘Scrúdófar sampla leordhóthanach de na fearais nó na feistis deiridh a ghlac an comhlacht faoina dtugtar fógra ar láithreán sular cuireadh ar an margadh iad, agus déanfar tástálacha iomchuí a shainaithnítear sna codanna ábhartha de na caighdeáin chomhchuibhithe agus/nó de

na sonraíochtaí coiteanna agus/nó de na tástálacha coibhéiseacha a leagtar amach i sonraíochtaí teicniúla ábhartha eile, a chur i gcrích chun a sheiceáil go gcomhlíonann an fearas nó an feisteas ceanglais ábhartha an Rialacháin seo.';

(e) i bpointe 3.3(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, a ainm, a sheoladh poist agus a shonraí teagmhála digiteacha freisin;';

(f) i bpointe 3.3.3., cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Glacfaidh sé leis go gcomhlíontar na ceanglais sin maidir leis na heilimintí den chóras cáilíochta a chomhlíonann sonraíochtaí comhfhreagracha an chaighdeáin chomhchuibhithe nó na sonraíochtaí coiteanna iomchuí.';

(g) i bpointe 4.3(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más é an t-ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, a ainm, a sheoladh poist agus a shonraí teagmhála digiteacha freisin;';

(h) i bpointe 4.3.3., cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Glacfaidh sé leis go gcomhlíontar na ceanglais sin maidir leis na heilimintí den chóras cáilíochta a chomhlíonann sonraíochtaí comhfhreagracha an chaighdeáin chomhchuibhithe nó na sonraíochtaí coiteanna iomchuí.';

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5.4.1:

'5.4.1. Déanfar scrúdú aonair ar gach fearas nó feisteas agus déanfar tástálacha iomchuí mar a leagtar amach sa chaighdeán comhchuibhithe ábhartha/sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha agus/nó sa tsonraíocht choiteann/sna sonraíochtaí coiteanna agus/nó sna tástálacha coibhéiseacha a leagtar amach i sonraíochtaí ábhartha teicniúla eile chun comhréireacht a fhíorú leis an gcineál ceadaithe a dtugtar tuairisc air sa deimhniú ar chineálscrúdú AE agus le ceanglais iomchuí an Rialacháin seo.

In éagmais caighdeán chomhchuibhithe nó sonraíocht choiteann den sórt sin, cinnfidh an comhlacht faoina dtugtar fógra lena mbaineann na tástálacha iomchuí a bheidh le cur i gcrích.';

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 5.5.2:

'5.5.2. Tógfar sampla randamach ó gach baisc i gcomhréir le ceanglais phointe 5.5.3. Déanfar scrúdú aonair ar gach fearas nó feisteas agus déanfar tástálacha iomchuí mar a leagtar amach sa chaighdeán comhchuibhithe ábhartha/sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha agus/nó sa tsonraíocht choiteann/sna sonraíochtaí coiteanna agus/nó sna tástálacha coibhéiseacha a leagtar amach i sonraíochtaí ábhartha teicniúla eile, a chur i gcrích chun a gcomhréireacht a fhíorú le ceanglais infheidhme an Rialacháin seo chun a chinneadh cibé acu a ghlacfar leis an mbaisc nó a dhiúltófar di. In éagmais caighdeán chomhchuibhithe nó sonraíocht choiteann den sórt sin, cinnfidh an comhlacht faoina dtugtar fógra lena mbaineann na tástálacha iomchuí a bheidh le cur i gcrích.';

(k) i bpointe 6.2(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) liosta de na caighdeáin chomhchuibhithe, arna gcur i bhfeidhm go hiomlán nó i bpáirt, agus ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó liosta de sonraíochtaí coiteanna, arna gcur i bhfeidhm go hiomlán nó i bpáirt agus, i gcás nár cuireadh i bhfeidhm na caighdeáin chomhchuibhithe sin tuairiscí ar na réitigh a rinneadh chun ceanglais

fhíor-riachtanacha an Rialacháin seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear liosta de na sonraíochtaí ábhartha teicniúla eile arna gcur i bhfeidhm. I gcás caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí coiteanna a bheith i bhfeidhm i bpáirt, sonrófar sna doiciméid theicniúla na codanna sin díobh a cuireadh i bhfeidhm,';

(l) i bpointe 6.4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Déanfaidh comhlacht faoina dtugtar fógra arna roghnú ag an monaróir scrúduithe agus tástálacha iomchuí a chur i gcrích, scrúduithe agus tástálacha a leagtar amach sna caighdeáin chomhchuibhithe nó sna sonraíochtaí coiteanna ábhartha agus/nó tástálacha coibhéiseacha a leagtar amach i sonraíochtaí teicniúla ábhartha eile, chun comhréireacht na bhfearas nó na bhfeisteas a sheiceáil le ceanglais infheidhme an Rialacháin seo, nó áiritheoidh sé go gcuirfear i gcrích iad. In éagmais caighdeán comhchuibhithe nó sonraíocht choiteann den sórt sin, cinnfidh an comhlacht faoina dtugtar fógra lena mbaineann na tástálacha iomchuí a bheidh le cur i gcrích.

(2) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad phointe 2:

'2. Ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, i gcás inarb infheidhme, ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha a ionadaí údaraithe:';

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 6:

'6. Tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó do na sonraíochtaí coiteanna atá in úsáid nó tagairtí do na sonraíochtaí teicniúla eile a ndearbhaítear comhréireacht maidir leo:'.

IARSCRÍBHINN IV

Leasaítear Iarscríbhinní III, V, VII, IX, agus X a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1230 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) i bpointe 1.7.4.2., leasaítear pointe 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ainm gnó, seoladh poist iomlán agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, i gcás inarb infheidhme, ainm gnó, seoladh poist iomlán agus sonraí teagmhála digiteacha a ionadaí údaraithe;’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) dearbhú comhréireachta AE, nó seoladh idirlín nó an cód meaisín-inléite, trína bhféadfar rochtain a fháil ar dhearbhú comhréireachta AE, i gcomhréir le hAirteagal 10(8);’;

(b) leasaítear pointe 4.3.1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘Cuirfear marc ar gach píosa de shlabhra, téad nó caolrabhaisc ardaithe nach cuid de chóimeáil é nó, i gcás nach féidir sin, cuirfear pláta nó fáinne dobhainte air ar a bhfuil ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus tagairt aitheantais an deimhnithe ábhartha.’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra;’;

(2) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

‘2. Ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, i gcás inarb infheidhme, ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha a ionadaí údaraithe.’;

(b) i gCuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

‘2. Ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, i gcás inarb infheidhme, ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha a ionadaí údaraithe.’;

(3) Leasaítear Iarscríbhinn VII mar a leanas:

(a) i bpointe 3., cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an ionadaí údaraithe sin;’;

(b) i bpointe 6.2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an ionadaí údaraithe sin;’;

(c) i bpointe 7.6., cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) a ainm, a sheoladh poist agus a shonraí teagmhála digiteacha agus sonraí lena sainaithnítear an deimhniú ar chineálscrúdú AE lena mbaineann;’;

(4) in Iarscríbhinn IX, pointe 3.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an ionadaí údaraithe sin;’;

(5) Leasaítear Iarscríbhinn X mar a leanas:

(a) i bpointe 2., cuirtear an méid a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más ionadaí údaraithe a thaisceann an t-iarratas, ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an ionadaí údaraithe sin;’.

IARSCRÍBHINN V

Leasaítear Iarscríbhinní VIII, IX agus XIII a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1542 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn VIII, Modúl D1: Dearbhú cáilíochta an phróisis táirgthe, pointe 5.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, más é ionadaí údaraithe an mhonaróra a thaisceann an t-iarratas, ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an ionadaí údaraithe sin freisin,’;

(2) in Iarscríbhinn IX, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 2:

‘Ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha an mhonaróra agus, i gcás inarb infheidhme, ainm, seoladh poist agus sonraí teagmhála digiteacha a ionadaí údaraithe.’;

(3) in Iarscríbhinn XIII, pointe 1, cuirtear isteach an pointe (t) seo a leanas:

‘(t) ‘treoracha úsáide atá soiléir, sothuigthe agus soléite i bhformáid a fhágann gur féidir iad a phriontáil, a íoslódáil agus a shábháil ar fheiste leictreonach ionas gur féidir leis an úsáideoir rochtain a fháil orthu i gcónaí, go háirithe i gcás ina gclisfidh ar an gceallra (i gcás córais stórála fuinnimh i gceallraí suite amháin).’